RIALACHÁN (AE) 2022/238 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Feabhra 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide in Maenmar/Burma

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/243 ón gComhairle an 21 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma ([1]) ,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle ([2]), tugtar éifeacht do roinnt beart dá bhforáiltear le Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle ([3]), lena n-áirítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas agus comhlachtaí áirithe a reo.

(2) I bhfianaise na staide tromchúisí atá ag leanúint ar aghaidh i Maenmar/Burma, an 21 Feabhra 2022 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/243 , lena gcuirtear 22 dhuine agus ceithre eintiteas le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES.

(3) Chun iarmhairtí neamhbheartaithe ó ainmniú ceann de na heintitis sin a sheachaint, le Cinneadh (CBES) 2022/243 tugtar isteach i gCinneadh 2013/184/CBES maolú nua i ndáil le sócmhainní a reo agus i ndáil le toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil don eintitis sin. Leis an maolú sin, fágfaidh sé go mbeidh cead ag oibreoirí an Aontais toibreacha ola agus gáis a dhíchoimisiúnú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus conarthaí a fhoirceannadh leis an eintiteas sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a leasú dá réir.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 4db*

De mhaolú ar Airteagal 4a, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú go ndéanfar cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, cistí nó acmhainní ar leis an eintiteas atá liostaithe in iontráil 10 in Iarscríbhinn IV iad, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas sin, faoi choinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla is iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach don eintiteas sin le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(a) cúraimí a bhaineann le díchoimisiúnú toibreacha ola agus gáis i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail diúscairt dramhaíola, gníomhaíochtaí feabhsúcháin láithreán atá ag teastáil le haghaidh sábháilteachta agus athchóiriú comhshaoil, cúnamh teicniúil gaolmhar a sholáthar, agus cánacha agus dleachtanna gaolmhara a íoc, chomh maith le tuarastail agus sochair shóisialta a íoc le fostaithe; nó

([1]) Féach leathanach 28 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le Maenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 194/2008 (IO L 121, 3.5.2013, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Mhaenmar/Burma agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/232/CBES (IO L 111, 23.4.2013, lch. 75).

(b) roimh an 31 Iúil 2022, maidir leis na scaireanna agus na leasanna, an t-aistriú is gá chun conarthaí a fhoirceannadh arna gcur i gcrích leis an eintiteas a liostaítear in iontráil 10 in Iarscríbhinn IV roimh an 21 Feabhra 2022.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES